

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2011

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Staidéar Foirgníochta

Gnáthleibhéal



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú Ardteistiméireachta 2011


Staidéar Foirgníochta
Teoiric – Gnáthleibhéal



FREAGRAÍ SAMPLACHA

CEIST 1

Cuid (a)



Sonraíochtaí

- Plástráil taobh amuigh 15 mm
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Cuas iarmharach 50 mm
- Inslíú teirmeach 100 mm
- Bloc coincréite duille istigh 100 mm
- Plástráil taobh istigh 15 mm
- Lindéir choincréite réamhstrusta 100 × 70 mm
- Barraí cruach treisiúcháin, trastomhas 12 mm
- Barr na fuinneoige 150 × 80 mm
- Gloiniúchán triarach, gloine e íseal
- Feirbín gloinithe.

Sonra malartach i gcomhair bharr na fuinneoige ag (c1) ag taispeáint barr fuinneoige le briseadh teirmeach

N.B. Tá glacadh le haon sonraí eile atá ag teacht leis na Rialacháin Foirgníochta mar atá i bhfeidhm faoi láthair.

Cuid (b)

Taispeánta go soiléir ar an líníocht

- Fleascadh (Cúrsa Taisdionach) ag barr na fuinneoige – (b1)
- Inslíú os cionn bharr na fuinneoige – (b2).

Ceist 2


Cuid (a)

Inslíú a instealladh isteach i gcuas an bhalla sheachtraigh

Obair í seo a dhéanann cuideachtaí speisialta. Tá na cuideachtaí cláraithe le Fuinneamh Inmharthana Éireann agus díríonn siad go háirithe ar insliú a dhéanamh ar thithe.


An nós imeachta:

- Druileáiltear poill ar trastomhas 22 mm tríd an duille amuigh.
- Go tipiciúil, bíonn 800 mm idir na poill sin ar an gcothrom agus 1350 mm eatarthu ar an ingear
- Druileáiltear poill bhreise faoi leaca fuinneoga agus os cionn bharr na ndoirse agus na bhfuinneog D'fhonn a chinntiú go líontar an cuas mar is ceart a dhéantar sin
- Pumpáiltear an t-insliú isteach sa chuas ansin.
- De réir mar atá an phumpáil ar siúl, cuirtear cóta éadrom de ghliú láidir ar na feirbíní
- Nuair a théachtann an gliú, bíonn na feirbíní ina struchtúr soladach
- Nuair atá an phumpáil déanta, líontar na poill agus bíonn an t-aon chuma amháin ar an mballa seachtrach arís
- Is iad feirbíní polaistiréine nó ceallalós na gnáthábhair inslithe a úsáidtear.



Córas inslithe inmheánach a fheistiú leis na ballaí seachtracha

- Caolaigh bhogadhmaid chóireáilte 50 x 50 mm feistithe ar dhromchla istigh an bhalla atá i gceist leis seo
- Ionaid 400 mm a bhíonn idir na caolaigh
- Cuirtear insliú idir na caolaigh
- Ní mór bacainn ghaile a bheith ann chomh maith. Féadfaidh sé seo a bheith nasctha leis an slaba chomh maith
- Feistítear plástarchlár ar tiús 12 mm ar na caolaigh
- Cuirtear cóta scimeála plástair air ansin
- Feistítear insliú nasctha le plástarchlár le dabaí plástair, feistiú meicniúil san áireamh.



Is féidir úsáid a bhaint as ábhair inslithe amhail corc, snáithín adhmaid, olann chaoirigh, snáithínghloine, polaistiréin agus polúireatán.

Cuid (b)

Buntáistí a bhaineann le hinsliú a instealladh isteach

- Íslíonn an t-insliú sa chuas cailteanas teasa
- Beidh an teach níos teo
- Laghdaítear billí fuinnimh
- U-luach níos fearr
- Ní bhíonn aon chur isteach ar dhromchla istigh na mballaí, ná ar fheistí amhail radaitheoirí.
- Ní thagann aon athrú ar an achar urláir
- Is bealach maith é ó thaobh costais de chun an t-insliú atá ar bhalla atá ann cheana féin a fheabhsú
- Tá sé níos tapúla
- Coinnítear mais theirmeach an bhloic choincréite mar stór teasa.

Míbhuntáistí

- Déantar droicheadú ar an gcuas – cuas lánlíonta – agus d'fhéadfadh go mbeadh fadhbanna uaidh sin i suíomhanna gan dídean
- D'fhéadfadh taise dul trasna an chuais líonta
- Lorg na bpoll fágtha ar an mballa taobh amuigh – athphéinteáil ag teastáil
- Ní móide go líontar an cuas go hiomlán leis na feirbín – láithreacha fuara.


Míbhuntáistí a bhaineann le córas inslithe inmheánach

- Laghdaítear achar urláir na seomraí
- Bíonn cur isteach ag baint leis an bpróiseas suiteála
- Tógann an próiseas suiteála go leor ama agus cruthaítear deannach.
- Tá sé costasach
- D'fhéadfaí dochar a dhéanamh don phlástarchlár go héasca
- Ní mór soilse, lasca agus feistí a athlonnú.


Buntáistí a bhaineann le córas inslithe inmheánach

- Feabhsaítear insliú agus U-luach an bhalla sheachtraigh
- Úsáidtear an modh go forleathan agus bíonn rath air
- Tagann feabhas ar chuma roinnt ballaí taobh istigh
- Is féidir an dromchla a athphéinteáil de réir mhianta an úinéara
- Ní chuireann an modh seo isteach ar chuma seachtrach an tí
- Níl cuideachta speisialta a ag teastáil chun an obair a dhéanamh – is féidir saothar áitiúil a úsáid
- Laghdaítear an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise.

Ceist 3 (a)



- Príomhphíobhán ardaitheach
- Comhla liathróide
- Umar stórála uisce fhuair
- Píobán sceite
- Soláthar fuaruisce ón umar stórála go dtí an sorcóir indíreach uisce the
- Sorcóir indíreach uisce the
- Píobán borrrtha ón sorcóir indíreach uisce the



- Soláthar uisce the go dtí na fearais
- Soláthar uisce fhuair ón umar stórála go dtí na fearais
- Comhlaí
- Insliú thart ar an umar stórála, ar an sorcóir agus ar na píobáin
- Lipéadú.

Soláthar uisce fhuair agus uisce the ar leith don chithfholcadh agus don bháisín uisce the

Cuid (b)


Dhá bhuntáiste a bhaineann le cithfholcadh measctha a úsáid in ionad cithfholcadh chumhachta leictreach

- Ábhar in-athnuaite is ea adhmaid agus tá sé níos saoire ná breoslaí eile. Mar sin bíonn cithfholcadh measctha a théitear le sorn dóite adhmaid níos fearr don chomhshaol agus níos fearr ó thaobh costais de
- Is modh téimh ar ísealcharbón é cithfholcadh measctha a théitear le sorn dóite adhmaid
- Tá sorn dóite adhmaid neodrach ó thaobh carbóin de agus ní bhíonn ach éifeacht sách íseal aige ar an leibhéal CO₂ san atmaisféar
- Is ó fhoirse neamh-in-athnuaite a thagann an fuinneamh chun an cithfholcadh chumhachta leictreach a théamh agus cuireann sé le dó breoslaí iontaise agus le hastaíochtaí de gháis cheaptha teasa
- Tá cithfholcadh measctha níos saoire le ceannach agus le feistiú
- Úsáideann sé níos lú uisce
- Níl sé leitreachasbhunaithe
- Brú domhantarraingthe – níl aon ghá le caidéal – úsáidtear níos lú leictreachais.

Ceist 4 (a)


An caibinéad lastuas a fheistiú ar bhlocbhalla coincreíte – na modhanna feistithe is coitianta

- Feistítear stiall sliscláir SMD (clár snáithíneach meándlúis) nó stiall adhmaid sholadaigh laistigh den chaibinéad ag an mbarr chun na scriúanna a thógáil
- Druileáiltear dhá pholl ar a laghad sa stiall seo le haghaidh scriúanna oiriúnacha
- Aimsítear ionad bhun an chaibinéid ar an mballa
- Is 500 mm os cionn dhromchla an chuntair oibre a bhíonn an t-ionad go hiondúil
- Tarraingítear líne ag an bpointe seo, ag baint úsáide as leibhéal – leachtleibhéal nó léasar - agus feistítear corr dhíreach shealadach ag an bpointe seo
- Leagtar an caibinéad síos ar an gcorr dhíreach seo
- Marcáiltear ionaid na scriúanna ar an mballa ansin
- Baintear an caibinéad anuas
- Druileáiltear poill sa bhalla ansin le haghaidh ráldallán agus cuirtear na ráldalláin isteach
- Cuirtear an caibinéad ar ais ina ionad
- Déantar an caibinéad a scriúáil ina ionad agus cuirtear caipíní clúdaigh isteach
- Baintear an stiall shealadach adhmaid den chaibinéad ansin.



Modh eile

- Feistítear bracanna uillinne speisialta laistigh den chaibinéad
- D'fhéadfaí bracanna cruach nó bracanna plaistigh láidir a úsáid
- Feistítear na bracanna ar na taobhanna agus ar an mbarr ag baint úsáide as scriúanna gearra
- Bíonn poill réamhdhruileálta ar na bracanna le haghaidh na scriúanna
- Is féidir dhá nó ceithre bhrac a fheistiú
- Feistítear an caibinéad ina ionad sa mhodh céanna agus atá thuas.




Is féidir aon mhodh oiriúnach eile a úsáid

Cuid (b)

Urlár d'adhmaid soladach a fheistiú

- Roghnaigh adhmaid soladach d'ardchaighdeán don urlár
- Seiceáil tiús an adhmaid le cinntiú go n-oiriúnaíonn sé go héasca leis na doirse agus leis na haonaid atá ann
- Go hidéalach, ba cheart an t-urlár soladach a fheistiú sula bhfeistítear na haonaid cistine
- Glan an deannach go léir ón urlár coincréite
- Déan aon mhíchothroime a líonadh le comhdhúil leibhéalta
- Aimsigh lárline an urláir nó líne dhíreach atá comhthreomhar le balla
- Daingnigh corr dhíreach go maith
- Beidh an corr seo mar bhonnline don obair
- Cuir an gliú speisialta ar dhromchla an urláir coincréite agus cuir síos na stiallacha go cúramach.
- Ní mór bearna/alt infhorbartha 10-15 mm a fhágáil ar fhad na himlíne
- Ní mór na hailt a bheith scaipthe ó chéile
- D'fhéadfadh gur urlár réamhdhéanta atá ann nó is féidir é a chríochnú le vearnais nó ola d'ardchaighdeán.



Is féidir glacadh le modhanna oiriúnacha eile

Adhmaid oiriúnacha d'urlár cistine: Mailp, Dair, Fuinseog nó Péine

Soláthraítear iad i leithid 90-120 mm agus i bhfaid 300-1200 mm go tipiciúil

Mailp mar adhmaid d'urlárlach

- Tá an t-adhmaid an-oiriúnach d'urlárlach
- Tá patrún snáithe éadrom tarraingteach uirthi
- Tá mailp dlúthshnáitheach agus buanfasach
- Breathnaíonn mailp go maith nuair a chuirtear ola nó vearnais uirthi.

Dair mar adhmaid d'urlárlach

- Is crua-adhmaid buanfasach í dair
- Tá dath éadrom agus patrún snáithe tarraingteach uirthi
- Tá snáithe airgid darach tarraingteach
- Baintear úsáid as dair go traidisiúnta le haghaidh urlár.

Fuinseog mar adhmaid d'urlárlach

- Tá dath buí éadrom ar an adhmaid
- Tá patrún snáithe tarraingteach uirthi
- Is crua-adhmaid dlúth í
- Tá airíonna maithe leaisteacha aici.

Péine mar adhmaid d'urlárlach

- Dath éadrom ar an adhmaid
- Fásann sí go mear – in-athnuaite
- Éasca le feistiú agus le greanáil.
- Níos saoire ná crua-adhmaid
- Tá airíonna maithe leaisteacha aici


Aon adhmaid eile atá oiriúnach

Cuid (c)

Na buntáistí a bhaineann leis an doirteal, an cócaireán agus an cuisneoir a shuíomh mar a thaispeántar sa sceitse

- Cruthaítear triantán oibre idir suíomh an doirtil, an chócaireáin agus an chuisneora
- Laghdaítear an méid siúlta nach mór a dhéanamh le linn cócaireachta
- Tá dóthain spáis oibre in aice leis an doirteal agus leis an gcócaireán
- Díbreoidh an fean eastarraingthe gal ón láthair cócaireachta
- Is ag an bhfuinneog atá an doirteal suite, ag soláthar radharc ar an taobh amuigh
- Cuireann an fhuinneog solas agus aeráil ar fáil.

Ceist 5 (a)



- An stiall – 250 × 50 mm go tipiciúil
- Na Boinn $R \times 2 + G = 550 \text{ mm} - 700 \text{ mm}$ Íosmhéid ag dul go 220 mm
- Socnáil 16 mm ar a laghad
- Éadan $R \times 2 + G = 550 \text{ mm} - 700 \text{ mm}$ Uasmhéid 220 mm
- Dingeacha
- Bloic ghliú
- Alt idir bonn agus éadan.

- Líne chlaonta
 - Na trí chéim is íochtaráí
- Taispeánta freisin ach níl siad riachtanach don fhreagra*
- Cuaille staighre 100 × 100, 75 × 75 mm
 - Lámhráille 75 × 50 mm

Cuid (b)

Sonra dearaidh amháin a chinnteoidh nach mbeidh an staighre díoscánach agus é in úsáid

- Dingeacha ceartingearacha feistithe laistiar de na héadain – (b1)
- Dingeacha cothrománacha feistithe idir na boinn – (b1)
- Bloic ghliú feistithe ar na héadain agus ar na boinn – (b2)
- Bloic ghliú feistithe ar na héadain agus ar an stiall – (b2)
- Barraí snáithithe chun na stiallacha a choimeád le chéile.

Ceist 6 (a)

Réamhchúraimí sábháilteachta nach mór cloí leo agus leac fuinneoige choincréite réamhdhéanta á feistiú

- Cinntigh go bhfuil an limistéar glan agus slachtmhar
- Faigh cúnaimh ó dhuine eile
- Caith buataisí sábháilteachta a bhfuil caipíní cruach orthu
- Caith lámhainní agus ardaigí an leac le chéile
- Cuir an leac ar tacaíochtaí sula n-ardaítear í ina hionad.

Cúiseanna

- Tá sé níos sábháilte obair a dhéanamh i limistéar glan slachtmhar
- Tá gá le cúnaimh chun an leac a ardú go sábháilte
- Tá buataisí sábháilteachta riachtanacha ar eagla go dtiteann an leac
- Tabharfaidh lámhainní cosaint do do lámha
- Tá sé níos sábháilte greim a fháil ar rudaí agus iad a ardú ó thacaíochtaí.

Réamhchúraimí sábháilteachta agus obair in airde ar bun

- Bain úsáid as an scafalra ceart
- Ba cheart go ndéanfadh duine cáilithe an scafalra a thógáil
- Ba cheart lámhráillí agus coschláir a bheith ann
- Ba cheart an dréimire a shocrú ar fhána 1:4
- Ba cheart go sínfeadh an dréimire 1.0 m thar an ardán agus go mbeadh sé daingnithe i gceart
- Ba cheart go mbeadh bun an dréimire ar thalamh cothrom daingean.


Cúiseanna

- Cuireann scafalra ardán sábháilte oibre ar fáil
- Ní mór go dtógfaí scafalra mar is ceart
- Cuireann an lámhráille cosaint ar fáil d'oibrithe
- Cuireann coschláir cosc ar rudaí titim anuas ar oibrithe
- D'fhéadfadh an dréimire sciarradh mura ndaingnítear i gceart é.

Cuid (b)


Réamhchúraimí sábháilteachta nach mór cloí leo agus deil á húsáid le hadhmad a dheileadh

- Bí cinnte go bhfuil a fhios agat conas an deil a dhúiseacht agus a mhúchadh
- Caith cosaint atá oiriúnach don aghaidh agus do na súile
- Bí cinnte go bhfuil an píosa oibre dea-ullmhaithe agus nach bhfuil aon fhabhtanna ann
- Bí cinnte go bhfuil an píosa daingnithe ar an deil
- Bí cinnte nach bhfuil aon éadach scaoilte ann
- Gruaige ghearr nó in eangach ghruaige
- Úsáid an deil faoi mhaoirseacht
- Rothlaigh an píosa de láimh sula dtosaíonn tú
- Roghnaigh an luas deile ceart le haghaidh an phíosa atá á dheileadh
- Dírig isteach go hiomlán ar an obair.



Cúiseanna

- Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas mar gheall ar conas an deil a dhúiseacht agus a mhúchadh
- An aghaidh a chosaint ar aon ábhar a d'fhéadfadh scaoileadh tríd an aer
- Fanfaidh píosa adhmaid gan fhabhtanna soladach le linn é a dheileadh
- Cinntíonn rothlú an phíosa de láimh go rothlóidh sé go sábháilte nuair a chuirfear an deil ar siúl




- Cinntíonn daingniú ceart an pháosa go bhfanfaidh sé socair le linn na hoibre
- Tá sé an-tábhachtach go ndírítear go hiomlán ar an obair chun deileadh sábháilte a dhéanamh.

Aon eolas ámharach eile

Ceist 7 (a)

An phíobobair atá riachtanach leis an uisce báistí a phumpáil ón umar stórála faoi thalamh go dtí an t-umar san áiléar – sceitse

- Umar stórála uisce báistí faoi thalamh 2500 go 6500 litear
- Pumpa le soláthar cumhachta, píobán súite 12 mm agus scagaire snámha
- Píobán báistí 12 mm go dtí an painéal rialaithe córais agus go dtí an t-umar san áiléar
- Painéal rialaithe córais
- Píobán breisithe uisce príomhlíonra 12 mm go dtí an painéal rialaithe córais agus go dtí an t-umar san áiléar
- Umar san áiléar 230 litear ar a laghad, comhla liathróide agus píobán sceite 22 mm
- Gnáth-thoisí na gcomhpháirteanna.



An phíobobair atá riachtanach leis an uisce báistí a phumpáil ón umar stórála faoi thalamh go dtí an t-umar san áiléar – nótaí

- Sreabhann uisce báistí scagtha ón ngáitéar sceimhle chuig an umar stórála faoi thalamh
- Téann uisce báistí iomarcach ón umar stórála chuig draenacha uisce dromchla nó chuig limistéar súite trí pháobán sceite
- Pumpálann pumpa tumtha le soláthar cumhachta an t-uisce báistí go dtí an t-umar stórála san áiléar
- Bíonn scagaire iontógála an phumpa ar snámh go díreach faoi leibhéal an uisce, ina bhfuil an t-uisce is glaine
- Rialaíonn painéal rialaithe córais an sreabhadh uisce chuig an umar san áiléar
- Barrlíonann uisce ón bpríomhlíonra an t-umar san áiléar nuair atá leibhéil an uisce báistí san umar stórála faoi thalamh íseal.

D'fhéadfadh go mbeadh an t-aonad rialaithe ceangailte leis an umar san áiléar i gcórais eile.


Cuid (b)

An phíobobair atá riachtanach leis an bhfearas a nascadh leis an umar stórála san áiléar – sceitse

- Píobán ón umar stórála uisce báistí chuig an bhfearas
- Comhla stoptha
- Nasc leis an leithreas nó leis an meaisín níocháin.

An phíobobair atá riachtanach leis an bhfearas a nascadh leis an umar stórála san áiléar – nótaí

- Píobán nasctha leis an umar san áiléar a iompraíonn uisce báistí chuig an leithreas nó chuig an meaisín níocháin
- Comhla gheata ar an bpíobán atá nasctha leis an leithreas d'fhonn uisce báistí a shrianadh nuair atáthar ag deisiú an tsistéil. Comhla aonrúcháin ar an bpíobán chuig an meaisín níocháin nuair is gá an meaisín a dheisiú nó a athchur
- Píobán nasctha leis an leithreas nó leis an meaisín níocháin.



Cuid (c)


An chúis a stóráiltear uisce báistí in umar stórála ar leith san áiléar

- Níor cheart uisce báistí a ól
- Bíonn microrgánaigh in uisce báistí
- Ní féidir an t-uisce báistí neamhchóireáilte a mheascadh le huisce cóireáilte ón bpríomhlíonra
- D'fhéadfadh go mbeadh uisce báistí marbhánta
- Ní féidir tú féin a ní le huisce báistí stóráilte atá neamhchóireáilte
- Ní úsáidtear é ach le haghaidh an leithris agus an mheaisín níocháin – go himheánach.

Ceist 8


Éadanchlár

- Is é seo an ball cothrománach A a shocraítear le barra na rachtaí
- Is cuid de sceimhleacha dín é mar aon leis an tarraclár
- Cuireann sé bailchríoch shlachtmhar ar bharra na rachtaí
- Is iondúil gur as adhmaid nó as uPVC a dhéantar é
- Is iondúil gur déil dhearg nó déil bhán a úsáidtear – is féidir cruadhmaid a úsáid freisin
- D'fhéadfadh go mbeidh tacú adhmaid ar éadanchlár uPVC d'fhonn dolúbthacht a sholáthar
- Soláthraíonn an t-éadanchlár bonn chun bracanna gáitéir d'uisce báistí a fheistiú.




Clár fuinneoige

- Is as cruadhmaid, bogadhmaid nó uPVC a dhéantar é
- Feistítear é go cothrománach ar thaobh istigh an fhráma fuinneoige
- Cuirtear insliú faoin gclár chun droichead teirmeach a chosc
- Ba cheart go mbeadh sé aerdhíonach thart timpeall an chlár – téipeáilte nó alt maisteoige
- Cuireann clár fuinneoige bailchríoch shlachtmhar ar thaobh istigh na fuinneoige
- Bíonn tiús an adhmaid 18-30 mm go hiondúil.




Painéal gréine

- Tionsaíonn painéal gréine radaíocht na gréine agus tiontaítear go teas í
- Feistítear an painéal ar dhíon claonta a bhfuil a aghaidh ó dheas go hiondúil
- Is féidir painéal gréine a fheistiú ar shuiteach daingean ag leibhéal na talún freisin
- Féadfar é a úsáid i gcomhar le cineálacha eile téimh
- D'fhéadfadh tiomsaithe leacaithe grianteasa nó feadáin fholmhailte a bheith mar thiomsaitheoir grianteasa
- Tá sé neamhdhíobhálach don chomhshaol agus cabhraíonn sé le hastuithe CO₂ a laghdú.




Fotha stéille

- An cineál fotha coincríte is coitianta
- Is éard atá ann ná stiall coincríte faoin mballa
- Bíonn leithead an fhotha trí huairé leithead an bhalla go hiondúil
- Is é 300 mm an gnáth-thiús
- Tacaíonn sé leis an mballa inmheánach agus leis an mballa seachtrach
- Aistrítear an t-ualach ag 45° ó bhun an bhalla go dtí an talamh tacaithe
- Leagtar an balla ar lár an fhotha
- Treisítear an fotha le barraí cruinne cruach.




Bun-inse

- Inse a úsáidtear go forleathan
- Ní mar a chéile gach bun-inse ó thaobh faid, athraíonn an fad ó 12 mm go 150 mm
- Is as prás nó cruach bhog a dhéantar é
- Úsáidtear bun-insí i ndoirse, fuinneoga, boscaí, etc.
- Is éard atá ann ná dhá dhuilleog agus pionna lárnach
- Feistítear na duilleoga in dhá thrinse éadomhain
- Daingnítear an t-inse le dhá scriú leacaire.




Ballacheangal

- Feistiú a úsáidtear i dtógáil cuasbhallaí
- Is as polapróipiléin nó cruach dhosmálta a dhéantar é
- Coimeádann sé dhá dhuilleog cuasbhalla le chéile
- Cinntíonn sé go ngníomhaíonn an duilleog inmheánach agus an duilleog sheachtrach mar aon aonad amháin.
- Bíonn an t-aonad struchtúrach níos láidre dá bharr
- Coimeádann an ballacheangal an t-insliú ina ionad freisin
- Go tipiciúil, fágfar 900 mm idir na ceangail ar an gcothrom agus 450 mm eatarthu ar an ingear.




Comhla theirmeastatach

- Comhla speisialta a fheistítear leis na radaitheoirí mar chuid de chóras téimh lárnaigh
- Is féidir an chomhla a shocrú ag teochtphointí seomra éagsúla
- Rialaíonn an chomhla aschur teasa radaitheora
- Rialaíonn sí an sreabhadh uisce ionas go mbeidh an teocht a theastaíonn sa seomra
- Is modh neamhchostasach í chun teocht seomra a rialú
- Cabhraíonn sí le hastuithe CO₂ agus costais fuinnimh a laghdú.




Rachta

- Is ball claonta struchtúr an dín é an rachta
- Is Déil Bhán an t-adhmad a úsáidtear go hiondúil
- Síneann an rachta ó na sceimhleacha go dtí an maide mullaigh
- Braitheann méid an ghearrtha ar réise an dín
- Méid an ghearrtha go tipiciúil: 200 mm x 50 mm
- Feistítear an rachta leis an maide balla agus leis an maide mullaigh.



Bacainn Radóin


- Is bacainn í bacainn radóin a choisceann ligean isteach gáis radóin san fhoirgneamh
- Clúdaíonn sí achar iomlán urlár an tí nó an fhoirgnimh
- Is scannán solúbtha í bacainn radóin a chuirtear faoin urlár agus faoi na ballaí seachtracha
- Is bacainn í an bacainn radóin atá go hiomlán séalaithe
- Cuireann cuideachtaí speisialta an bhacainn isteach
- Ní mór aire a thabhairt gan damáiste a dhéanamh don bhacainn agus obair thógála ar bun
- Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar thart timpeall píobáin sheirbhíse a fheistiú agus a shéalú go cúramach – gan aon bhearnaí ná scoiltíní a fhágáil.



Ceist 9 (a)

Gné den dearadh a dhéanann an suíochán oiriúnach le húsáid amuigh faoin aer


- Déantar an suíochán le stiallacha caola adhmaid, rud a ligean don uisce taoscadh uaidh go héasca
- Tá cuma dheas ar spásáil na ráillí ceartingearacha ar chúl an tsuíocháin
- Breathnaíonn an barr-ráille cuar go deas agus is furasta é a chothabháil agus titeann an t-uisce uaidh go héasca
- Ciallaíonn spásáil na mball go léir go mbeidh sé éasca é a chothabháil sa todhchaí
- Laghdaíonn plainc chaola an méid scoilte agus an méid freangtha a tharlaíonn
- Tá an suíochán adhmaid neamhdhíobhálach don chomhshaol agus tíosach ó thaobh ábhair de.



Cuid (b)

Modh oiriúnach le taca an sciatháin a shiúntáil leis an gcos chúil

- Is é alt moirtíse agus tionúir an t-alt is oiriúnaí
- Neartódh tionúr dúbailte an t-alt
- Tá achar mór teagmhála la haghaidh gliú ann
- Tá an t-alt oiriúnach le húsáid taobh amuigh
- Is féidir an t-alt a dhingeadh chun é a threisiú tuilleadh
- Ní mór gliú den chineál uiscédhíonach a úsáid chun greamán maith a fháil.




Aon alt eile atá oiriúnach

Cuid (c)

Bailchríoch fheidhmithe chuí don suíochán gairdín

- Péint, vearnais, smál nó ola Dhanmhargach
- Aon bhailchríoch uiscédhíonach eile atá oiriúnach
- Déantar an t-adhmad a ullmhú ar an gcaoi chéanna i gcomhair gach bailchríche.



Ullmhú an adhmaid i gcomhair na bailchríche feidhmithe

- Glantar an dromchla go huile agus go hiomlán
- Greanáiltear an dromchla ag baint úsáide as mínpháipéar gloine go meánpháipéar gloine
- Glantar an dromchla ansin le bánbhiotáille
- Déantar é a ghreanáil go héadrom arís sula gcuirtear an bhailchríoch roghnaithe air
- Baintear úsáid as scuab chun an chuid is mó de na bailchríocha a chur air
- Is féidir éadach glan a úsáid chun ola Dhanmhargach a chur air.



Bailchríoch péinte a chur air

- Déantar an dromchla a ullmhú mar a luaitear
- Cuirtear cóta séalaithe air
- Déantar an dromchla a ghreanáil
- Cuirtear an fochóta air.
- Déantar an dromchla a ghreanáil agus cuirtear dhá chóta péinte lonraí air
- Baintear úsáid as scuab d'ardchaighdeán chun an phéint a chur air

Bailchríoch vearnaise a chur air

- Déantar an dromchla a ullmhú mar a luaitear
- Cuirtear an chéad chóta vearnaise air
- Déantar an dromchla a ghreanáil go héadrom chun greim a sholáthar.
- Cuirtear an dara cóta vearnaise air ansin
- Baintear úsáid as scuab d'ardchaighdeán chun an vearnais a chur air

Bailchríoch smáil a chur air

- Déantar an dromchla a ullmhú mar a luaitear
- Cuirtear an chéad chóta smáil air
- Déantar an dromchla a ghreanáil go héadrom ansin.
- Cuirtear an dara cóta smáil air ansin
- Baintear úsáid as scuab d'ardchaighdeán chun an smál a chur air

Bailchríoch ola Danmhargaí a chur air

- Déantar an dromchla a ullmhú mar a luaitear
- Cuirtear an chéad chóta ola air agus ligtear di sú isteach
- Déantar an dromchla a ghreanáil go héadrom ansin
- Is féidir an dara agus an tríú cóta a chur air
- Cuirtear ola Dhanmhargach air le héadach glan éaglúmhach
- Is féidir ola a chur air de réir mar a theastaíonn sí thar na blianta.

Ceist 1	
Mionsonraí	Marcanna
Cuid (a)	
Plástráil taobh amuigh 15 mm	6
Bloc coincréite duille amuigh 100 mm	6
Cuas iarmharach 50 mm	6
Inslíú teirmeach 100 mm	6
Bloc coincréite duille istigh 100 mm	6
Plástráil taobh istigh 15 mm	6
Lindéir choincréite réamhstrusta 100 × 70 mm	6
Barr na fuinneoige 150 × 80 mm	6
Gloiniúchán triarach, gloine e íseal	6
Aon ghnáth-thoisí	6
<i>7 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (6 mharc an ceann)</i> Fo-iomlán	42
Cuid (b)	
Taispeáin go soiléir ar an líníocht an fleascadh (dpc) agus an t-inslíú ag barr na fuinneoige.	
Sonra inghlactha – fleascadh (dpc) agus an t-inslíú	4
Línitheoireacht, cruinneas agus scála <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	4
Iomlán	50 marc
Is gnáth-thoisí iad na toisí a thugtar	

Ceist 2	
Mionsonraí	Marcanna
Cuid (a)	
An t-inslíú a instealladh isteach i gcuas an bhalla sheachtraigh – Nótaí	
Cur síos inghlactha	6
Cineál inslithe	4
An t-inslíú a instealladh isteach i gcuas an bhalla sheachtraigh – Sceitse	
Caighdeán an sceitse <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	6
Sonra inghlactha	4
Córas inslithe inmheánach a fheistiú leis na ballaí seachtracha – Nótaí	
Cur síos inghlactha	6
Cineál inslithe	4
Córas inslithe inmheánach a fheistiú leis na ballaí seachtracha – Sceitse	
Caighdeán an sceitse <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	6
Sonra inghlactha	4
Cuid (b)	
Buntáiste agus míbhuntáiste a bhaineann le hinslíú a instealladh isteach sa chuas	5
Buntáiste agus míbhuntáiste a bhaineann le córas inslithe inmheánach a fheistiú	5
Iomlán	50 marc

Ceist 4	
Mionsonraí	Marcanna
Cuid (a)	
Caibinéid lastuas a fheistiú ar bhlocbhalla coincréite – Nótaí	
Cur síos inghlactha a haon	4
Cur síos inghlactha a dó	4
Caibinéid lastuas a fheistiú ar bhlocbhalla coincréite – Sceitse	
Caighdeán an sceitse <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	6
Sonra inghlactha	4
Cuid (b)	
An t-urlár adhmaid a fheistiú ar an urlár coincréite atá ann – Nótaí	
Cur síos inghlactha a haon	4
Cur síos inghlactha a dó	4
An t-urlár adhmaid a fheistiú ar an urlár coincréite atá ann – Sceitse	
Caighdeán an sceitse <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	6
Sonra inghlactha	4
Mol adhmaid a bheadh oiriúnach don urlár	
Ainm an adhmaid	2
Cúiseanna le do rogha adhmaid	
Dhá chúis	4
Cuid (c)	
Buntáistí a bhaineann leis an doirteal, an cócaireán agus an cuisneoir a shuíomh mar a thaispeántar	
Buntáiste a haon	4
Buntáiste a dó	4
Iomlán	50 marc

Ceist 5	
Mionsonraí	Marcanna
Cuid (a)	
Stiall – 250 × 44 mm	5
Na Boinn 2R + G idir 550 mm agus 700 mm Go híosmhéid 220 mm.	5
Socnáil 16 mm ar a laghad	5
Éadan 2R + G idir 550 mm agus 700 mm Uasmhéid 220 mm	5
Dingeacha	5
Bloic ghliú	5
Alt idir bonn agus éadan	5
Líne chlaonta	5
Na trí chéim is íochtaraí	5
<i>7 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (5 mharc an ceann)</i> Fo-iomlán	35
Aon ghnáthmhéideanna	5
Cuid (b)	
Sonra dearaidh amháin a chinnteoidh nach mbeidh an staighre díoscánach	
Sonra dearaidh inghlactha	4
Línitheoireacht, cruinneas agus scála <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	6
Iomlán	50 marc

Ceist 6	
Mionsonraí	Marcanna
Cuid (a)	
Réamhchúraimí sábháilteachta nach mór a thabhairt faoi deara agus leac fuinneoige choincríte réamhdhéanta á feistiú	
Réamhchúram a haon	5
Réamhchúram a dó	5
Cúiseanna taobh thiar de gach réamhchúram	5
Réamhchúraim shábháilteachta agus obair in airde ar bun	
Réamhchúram a haon	5
Réamhchúram a dó	5
Cúiseanna taobh thiar de gach réamhchúram	5
Cuid (b)	
Réamhchúraimí sábháilteachta agus deil á húsáid le hadhmad a dheileadh – Nótaí	
Réamhchúram a haon	5
Réamhchúram a dó	5
Cúiseanna taobh thiar de gach réamhchúram	5
Réamhchúraimí sábháilteachta agus deil á húsáid le hadhmad a dheileadh – Sceitsí	
Caighdeán an sceitse <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	5
Iomlán	50 marc

Ceist 8	
Sonraí agus sainmhíithe	Marcanna
Mír a haon	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a dó	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a trí	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a ceathair	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Mír a cúig	
An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	6
An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar	4
Iomlán	50 marc

Ceist 9	
Sonraí – Cuid (a)	Marcanna
Gné dearaidh a dhéanann an suíochán oiriúnach le húsáid amuigh faoin aer – Nótaí	
Sonra dearaidh inghlactha	5
Gné dearaidh a dhéanann an suíochán oiriúnach le húsáid amuigh faoin aer – Sceitse	
Caighdeán an sceitse <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	6
Sonraí inghlactha	4
Cuid (b)	
Modh oiriúnach le taca an sciatháin a shiúntáil leis an gcos chúil – Nótaí	
Sonraí inghlactha	5
Modh siúntála le taca an sciatháin a shiúntáil leis an gcos chúil – Sceitse	
Caighdeán an sceitse <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	6
Sonraí inghlactha	4
Cuid (c)	
Mol bailchríoch fheidhmithe chuí don suíochán gairdín	
Bailchríoch mholta	5
Dromchla an adhmaid a ullmhú agus an bhailchríoch a chur air – Nótaí	
Sonraí inghlactha	6
Sonraí inghlactha	6
Dromchla an adhmaid a ullmhú agus an bhailchríoch a chur air – Sceitse	
Caighdeán na sceitsí <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i>	3
Iomlán	50 marc




Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú Ardteistiméireachta 2011

Scéim Mharcála

(150 marc)




Staidéar Foirgníochta
Triail Phraiticiúil


Staidéar Foirgníochta 2011


Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil


Tabhair ar aird:


Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnadh ó innealra. Más léir gur úsáideadh innealra le haghaidh modh oibre áirithe, gearrfar pionós dá bharr. Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.


	A	CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN	Marcanna
	1	Cáilíocht fhoriomlán an déantáin chóimeáilte	7
	2	Dearadh agus deilbhiú feidhmithe na coirre <ul style="list-style-type: none"> • dearadh • deilbhiú <i>(2 × 2 mharc)</i> 	4
		Iomlán	11


	B	MARCÁIL	Marcanna
	1	An Taobh Clé – ceartingearach <ul style="list-style-type: none"> • ailt <i>(5 × 2 mharc)</i> • claonadh <i>(2 × 1 mharc)</i> • seaimféir <i>(2 × 1 mharc)</i> 	14
	2	An Taobh Deas – ceartingearach <ul style="list-style-type: none"> • ailt moirtíse <i>(2 × 2 mharc)</i> • – feirailt <i>(2 × 2 mharc)</i> • claonadh <i>(2 × 1 mharc)</i> 	10
	3	An Ráille Íochtair <ul style="list-style-type: none"> • ailt – tionúir <i>(2 × 3 mharc)</i> 	6
	4	An Ráille Uachtair <ul style="list-style-type: none"> • Ailt – déadalt <i>(3 mharc)</i> • – tionúir <i>(2 mharc)</i> 	5
	5	An tSeilf Íochtair <ul style="list-style-type: none"> • ailt – tionúir <i>(2 × 2 mharc)</i> • – trinse <i>(2 mharc)</i> • claonadh <i>(2 × 1 mharc)</i> 	8
	6	An tSeilf Uachtair <ul style="list-style-type: none"> • claonadh <i>(2 × 1 mharc)</i> • ailt – eanga <i>(1 mharc)</i> • – trinse <i>(2 mharc)</i> 	5
	Iomlán	48	


CEARTINGEAR CLÉ	C	PRÓISEÁIL	Marcanna
	1	An Mhoirtís íochtair <i>(2 mharc)</i>	2
	2	Moirtís chúplach <i>(2 × 2 mharc)</i>	4
	3	Trinse stoptha <i>(4 mharc)</i>	4
	4	Déadsoicéad <i>(3 mharc)</i>	3
	5	Deilbhiú na gclaonta <i>(2 × 2 mharc)</i>	4
	6	Dhá sheaimféar <i>(2 × 2 mharc)</i>	4
			Iomlán

CEARTINGEAR DEAS	D	PRÓISEÁIL	Marcanna
	1	Dhá mhoirtís <i>(2 × 3 mharc)</i>	6
	2	Trinsí <ul style="list-style-type: none"> • Sábhadh ceartingearach <i>(8 × 1 mharc)</i> • Berradh trinsí <i>(4 × 1 mharc)</i> 	12
	3	Deilbhiú na gclaonta <i>(2 × 2 mharc)</i>	4
			Iomlán

AN RÁILLE ÍOCHTAIR	E	PRÓISEÁIL	Marcanna
	1	Tionúr <ul style="list-style-type: none"> • Sábhadh ceartingearach <i>(2 × 3 mharc)</i> • Sábhadh trasna an tsnáith <i>(2 × 3 mharc)</i> 	12
			Iomlán

AN RÁILLE UACHTAIR	F	PRÓISEÁIL	Marcanna
	1	Déadalt <ul style="list-style-type: none"> • sábhadh ceartingearach <i>(1 mharc)</i> • na claonta <i>(2 × 2 mharc)</i> • na guaillí <i>(3 × 1 mharc)</i> 	8
	2	Tionúr <ul style="list-style-type: none"> • sábhadh ceartingearach <i>(2 × 1 mharc)</i> • sábhadh na nguailí <i>(2 × 1 mharc)</i> 	4
			Iomlán

AN tSEILF ÍOCHTAIR	G	PRÓISEÁIL	Marcanna
	1	Dhá thionúr <i>(2 × 4 mharc)</i>	8
	2	Trinse <ul style="list-style-type: none"> • Sábhadh ceartingearach <i>(2 × 1 mharc)</i> • trinseáil <i>(1 mharc)</i> 	3
	3	Deilbhiú na gclaonta <i>(2 × 2 mharc)</i>	4
		Iomlán	15

AN tSEILF UACHTAIR	H	PRÓISEÁIL	Marcanna
	1	Trinse <ul style="list-style-type: none"> • sábhadh ceartingearach <i>(2 × 1 mharc)</i> • trinseáil <i>(1 mharc)</i> 	3
	2	Feireadh stoptha <i>(2 mharc)</i>	2
	3	Na Claonta <i>(2 × 2 mharc)</i>	4
		Iomlán	9

